An Roinn Iompair
Department of Transport

LEABHRÁN FAISNÉISE D'IARRTHÓIRÍ

LÉIGH GO CÚRAMACH

Comórtas Ceapacháin don Phost mar Phríomhoifigeach - Acmhainní Daonna

An Roinn Iompair

Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2

Dáta deiridh: 11.00 am, 31 Deireadh Fómhair 2023

Is fostóir comhdheiseanna í an Roinn Iompair.

Reáchtálfaidh an Roinn Iompair an feachtas seo i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Cheapacháin chun Poist sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí a d'ullmhaigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsíonn an CPSA córid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

---

Déan teagmháil le: Sadhbh O'Connor
Ríomhphost: Careers@transport.gov.ie
URL: https://www.gov.ie/ga/publication/c49b4-principal-officer-human-resources/

Eolas Cúlra agus Ról

Is deis iontach í seo bheith páirteach i Rannóg Acmhainní Daonna a bhfuil duaiseanna[1] buaite aici agus atá mar chuid de roinn rialtais mheasúil. Is é an misean atá ag an roinn córas iompair atá inrochtana, éifeachtúil, sábháilte agus inbhuanaithe a chur ar fáil, córas a thacaíonn le pobail, teaghlaigh agus gnólachtaí.

Tá an Roinn Iompair ag lorg daoine a bhfuil taithí ghairmiúil shinsearach acu i réimse na n-acmhainní daonna, agus a bhfuil an diongbháilteacht, an fuinneamh agus na scileanna cuí acu rannóg acmhainní daonna na Roinne a stiúradh agus a atreorú le tacaíocht a thabhairt don Aire agus don Roinn a gcuspóirí iompair ar fad a bhaint amach.

Is rannóg ríthábhachtach an Rannóg Acmhainní Daonna (AD) in Earnáil Gnóthaí Corparáideacha & Rialachais Beartais Lárnach na Roinne. Comhoibríonn an Rannóg AD le gach feidhmeannas agus rannóg eile sa roinn, agus cuireann sí ar fáil stiúradh straitéiseach maidir le daoine, prionsabail agus cleachtais. Tacaíonn sí le réimse leathan ábhar a bhaineann leis an bhfoireann, ina measc riachtanais foghlama agus forbartha, caidreamh tionsclaíoch, earcaíocht, coinneáil fostaithe, agus cleachtais agus prionsabail AD a chur i bhfeidhm i ndáil le straitéis fhoriomlán na roinne.

Is í an Rannóg AD a stiúrann an fheidhmíocht, an chuntasaíocht, agus an éifeachtacht bainistíochta trí mhúnlaí ceannaireachta oiriúnaitheacha a chur i bhfeidhm. Seasann an Rannóg AD le luachanna coiteanna na roinne agus léiríonn sí na luachanna sin trí chuspóirí uaillmhianacha atá dírithe ar an todhchaí a mhúnlú. Déanann sí tréaniarracht le barr feabhas caighdeáin agus soláthair a bhaint amach trí chomhoibriú fóinteach a choimeád ar bun agus éiteas na Seirbhíse Poiblí maidir le hionracas agus neamhchlaontacht a chothabháil.

Tá iarratasóirí ó chúlraí éagsúla á lorg againn, daoine a roinneann ár mbunluachanna, agus atá in ann cuid nó gach ceann de na scileanna agus de na hiompraíochtaí seo a leanas a léiriú:

- éiceachórais de dhaoine atá in ann déileáil le dálaí éagsúla a chothú, i dtimpeallacht a thacaíonn le nuálaíocht, comhoibriú agus barr feabhas.
- smaointeoirí criticiúla atá in ann fadhbanna casta a réiteach ar dhóigh nuálach.
- daoine atá tiomanta do luachanna ionchuimsitheacha, eiticiúla na seirbhíse poiblí a chur chun cinn.
- meon atá dírithe ar an bhforbairt.
- daoine atá ábalta leas a bhaint as scileanna, taithí agus ionchar daoine aonair agus grúpaí chun cuspóirí gnó a bhaint amach.
- daoine a bhfuil cur chuige sonraíbhunaithe agus anailíseach acu agus a bhfuil scileanna teicneolaíochta den chéad scoth acu freisin.

Tugtar cuireadh dóibh siúd a bhfuil an saineolas agus an taithí chuí acu iarratas a chur isteach don phost ardbhainistíochta seo sa Rannóg Acmhainní Daonna. Is post buan é seo a bheidh lonnaithe inár n-oifigí ar Lána Líosain, Baile Átha Cliath 2. Chomh maith le post amháin a líonadh láithreach, tá sé i gceist againn painéal de dhaoine a bhfuil an taithí chuí acu mar ghairmithe sinsearacha acmhainní daonna a chur le chéile chun cur ar chumas na Roinne úsáid a bhaint as sainscileanna na ngairmithe sin má thagann poist eile chun cinn.

[1] HR Champions Award – Change Management Champion 2023

Ár Luachanna

Is iad luachanna na seirbhíse poiblí agus na roinne a threoraíonn ár modh oibre, agus atá mar bhunús lenár n-iompraíocht agus lenár gcinnteoireacht aonair agus chomhchoiteann:



Buntáistí

Chomh maith le bheith ina shlí bheatha thaitneamhach dhúshlánach, is iad seo a leanas na buntáistí a bhaineann leis an ról seo sa Státseirbhís:

- Scála tuarastail incriminteach ag tosú ag €98,665 (PPC).
- Pinsean stáit breá mór.
- 30 lá saoire bhliantúil.
- Réimse leathan sochar a thugann tacaíocht agus solúbthacht sa bhreis don fhostaí agus a chuireann ar a chumas cothromaíocht oibre is saoil thaitneamhach a bhaint amach, lena n-áirítear deiseanna obair chumaisc a dhéanamh.
- Saoire bhreoiteachta íoctha.
- Deiseanna sármhaithe do ghairm a fhorbairt agus acmhainní a chabhróidh leat cur le do chuid scileanna, cumais, agus taithí le go mbeidh slí bheatha thairbheach, shásúil agat sa tseirbhís phoiblí.
- Deiseanna inmheánacha, idir-rannacha agus oscailte chun ardú céime a bhaint amach.
- Stipinní flaithiúla chun cúnamh oideachais a thabhairt duit agus saoirí staidéir agus scrúdaithe íoctha chun tacú leat agus tú i mbun staidéir.
- Clár Meantóireachta d'Fhostaithe.
- Líonraí fostaithe.
- Tacaíochtaí folláine, lena n-áirítear clár cúnaimh d'fhostaithe, comhar creidmheasa na seirbhíse poiblí agus áiseanna asbhainte pá.
- An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre agus an Scéim Pas Taistil - Is Fostóir muid a thacaíonn le Rothaíocht agus Taisteal níos Cliste, agus ar bronnadh an teastas 'Gold Cycle Friendly' agus 'Gold Smarter Travel' orainn.
- Ballraíocht de cheardchumann (deonach).

Na saintréithe atá á lorg againn

Tá iarratasóirí ó chúlraí éagsúla á lorg againn, daoine a roinneann ár mbunluachanna, agus atá in ann cuid nó gach ceann de na scileanna agus de na hiompraíochtaí seo a leanas a léiriú:

- éiceachórais de dhaoine atá in ann déileáil le dálaí éagsúla a chothú, i dtimpeallacht a thacaíonn le nuálaíocht, comhoibriú agus barr feabhas.
- smaointeoirí criticiúla atá in ann fadhbanna casta a réiteach ar dhóigh nuálach.
- daoine atá tiomanta do luachanna ionchuimsitheacha, eiticiúla na seirbhíse poiblí a chur chun cinn.
- meon atá dírithe ar an bhforbairt.
- daoine atá ábalta leas a bhaint as scileanna, taithí agus ionchar daoine aonair agus grúpaí chun cuspóirí gnó a bhaint amach.
- daoine a bhfuil cur chuige sonraíbhunaithe agus anailíseach acu agus a bhfuil scileanna teicneolaíochta den chéad scoth acu freisin.

Príomhdhualgais

Tá barr feabhais i réimse na n-acmhainní daonna mar shainriachtanas don phost seo chun lucht saothair ardfheidhmíochta agus spreagtha a fhorbairt. Beidh an t-iarrthóir rathúil i gceannas ar chleachtais straitéiseacha AD sa roinn, ag cur le forbairt beartas agus ag tabhairt comhairle, treorach agus cúnaimh don fhoireann ar fad faoi chúrsaí AD, lena n-áirítear rannpháirtíocht, nuair is cuí, i mbainistíocht cásanna, i gcinntí sannacháin, i mbearta araíonachta agus i gcásanna ina bhfuil saoire bhreoiteachta i gceist, srl.

I measc phríomhfhreagrachtaí an phoist, ach gan a bheith teoranta dóibh, beidh:

- leanúint den obair chun eagraíocht acmhainneach a fhorbairt a bhfuil de chumas aici bheith solúbtha, sofhreagrúil agus ceannaireacht a léiriú.
- cuspóirí gnó a bhaint amach trí leas a bhaint as seirbhísí daoine agus buanna daoine a chur chun cinn ar mhaithe le fás agus forbairt na roinne.
- acmhainní a dháileadh chun éifeachtúlacht na roinne a fheabhsú a oiread agus is féidir. Soláthar seirbhísí agus beartais a fheabhsú go leanúnach agus cinntiú go bhfuil an roinn á bainistiú go héifeachtúil agus go bhfuil sí dírithe ar a cuid cuspóirí a bhaint amach trí na daoine is fearr a earcú agus a choimeád.
- ceannairí a fhostú go réamhghníomhach chun promhadh agus feidhmíocht a bhainistiú.
- caidreamh láidir a chothú le hionadaithe foirne.
- eispéireas níos fearr a thabhairt do na fostaithe trí dheiseanna foghlama agus forbartha a chur ar fáil dóibh. Deiseanna maidir le sláinte agus folláine, Comhionannas agus Éagsúlacht (EDI) a thabhairt dóibh i rith a ngairmréime ar fad, rud a chuirfidh feabhas ar ár gcumas agus ar ár bhfeidhmíocht mar eagraíocht.
- Sainchomhairle agus aiseolas leanúnach a bhunú idir an bhfoireann agus na réimsí gnó chun an caidreamh idir fostóir agus fostaithe agus an caidreamh tionsclaíoch a chothú agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil don fhoireann ar fad a fheabhsú.
- Athrú cultúrtha a chur chun cinn ar fud na heagraíochta.

- tionscnaimh a mbíonn tionchar dearfach acu ar chúrsaí a chur chun cinn agus a cheiliúradh ar fud na heagraíochta, lena n-áirítear rannpháirtíocht fostaithe, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus inrochtaineacht.
- cinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte maidir le pá agus coinníollacha atá leagtha síos ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe, agus go gcloítear le haon treoirlínte rialála / comhlíonta ábhartha eile.
- mar cheannaire sinsearach sa roinn, páirt ghníomhach a ghlacadh i gcruinnithe foirne na hardbhainistíochta, agus i mbaint amach chuspóirí straitéiseacha na heagraíochta i dtaca leis na feidhmeanna reachtúla éagsúla atá aici.

Bunriachtanais don Phost

Scileanna agus Taithí Riachtanacha

Ní mór do gach iarrthóir, ar dháta an iarratais, na cáilíochtaí seo a leanas a bheith acu:

- Taithí i réimse na nAcmhainní Daonna (AD) ag an leibhéal sinsearach cuí.
- Eolas agus tuiscint ar AD/caidreamh tionsclaíoch, an comhshaol, an dlí fostaíochta agus próisis ghaolmhara sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó san Earnáil Phríobháideach.
- Taithí mar bhainisteoir sinsearach i ról ina raibh stiúradh agus bainistiú foirne i gceist. Dul i gcomhairle leis na ceannairí is sinsearaí san eagraíocht.
- Sárscileanna idirphearsanta agus a bheith in ann dul i gcion ar pháirtithe leasmhara maidir le ceisteanna a bhaineann le hAcmhainní Daonna. A bheith in ann comhoibriú le réimse leathan páirtithe leasmhara chun cuspóirí coiteanna a bhaint amach, lena n-áirítear caidrimh a bhunú agus a chothabháil le páirtithe leasmhara éagsúla.
- A bheith in ann na réimsí casta a bhfuil an Roinn freagrach astu a thuiscint gan stró agus a bheith ábalta feidhmiú laistigh de chóras polaitiúil.
- Breithiúnas fónta agus tuiscint mhaith ar luachanna na seirbhíse poiblí.
- A bheith ionraic agus discréideach.
- A bheith tiomanta do chur i bhfeidhm athruithe straitéiseacha agus taithí a bheith agat a bheith ag plé le páirtithe leasmhara ag na leibhéil is sinsearaí.
- Go bhfuil sé cruthaithe agat go bhfuil tú ábalta bheith i gceannas ar fhoireann, foireann a bhainistiú agus a fhorbairt agus feidhmiú mar bhall d'fhoireann. Go bhfuil sé léirithe agat go leanúnach gur féidir leat seasamh chun tosaigh agus cur chuige réamhghníomhach a ghlacadh.

Critéir Inmhianaithe

- Cáilíocht tríú leibhéal in acmhainní daonna nó i réimse gaolmhar.
- Ballraíocht san Institiúid Chairte um Fhorbairt Pearsanra (CIPD).

Príomhinniúlachtaí an Phríomhoifigigh

Ar a bharr sin, ní mór d'iarrthóirí na príomhinniúlachtaí maidir le feidhmíocht éifeachtach ag an leibhéal seo a léiriú :

- Ceannaireacht agus Stiúradh Straitéiseach
- Breithiúnas agus Cinnteoireacht

- Bainistiú agus Torthaí a Bhaint Amach
- Caidrimh agus Cumarsáid a Fhorbairt
- Saineolas agus Féinfhorbairt
- A bheith Tiomanta do Luachanna na Seirbhíse Poiblí

Tá sonraí na n-inniúlachtaí seo leagtha amach thíos.

Inniúlachtaí Ról an Phríomhoifigigh	
Ceannaireacht agus Stiúradh Straitéiseach	• Stiúrann an fhoireann, ag leagan síos caighdeáin arda, ag dul i ngleic le fadhbanna feidhmíochta agus ag cur sárobair chun cinn. • Éascaíonn malartú oscailte tuairimí agus cothaíonn timpeallacht oibre inar féidir cumarsáid oscailte a dhéanamh. • Glacann páirt i múnlú straitéis agus bheartas na Roinne / an Rialtais. • Forbraíonn cumas agus inniúlacht san fhoireann tríd síos trí chúraimí a roinnt go héifeachtúil. • Cothaíonn cultúr atá dírithe ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt trí dheiseanna oiliúna a chur ar fáil agus aiseolas tairbheach / tacúil a thabhairt. • Ceannaireacht a thabhairt maidir le hullmhúchán agus cur i bhfeidhm athruithe agus athchóirithe tábhachtacha • A bheith ullmhaithe agus a bheith in ann déileáil go tapa le forbairtí san earnáil / sa ghnó go ginearálta. • Comhoibriú gníomhach a dhéanamh le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile.
Breithiúnas agus Cinnteoireacht	• Saincheisteanna a aithint agus díriú isteach orthu nuair a bhíonn faisnéis / dálaí casta idir lámha ag an eagraíocht. • A bheith in ann fíricí a chur le chéile, eolas ó bhéal agus sonraí uimhriúla a láimhseáil, agus machnamh a dhéanamh ar rudaí go loighciúil. • An nasc idir ceisteanna éagsúla a fheiceáil agus na himpleachtaí ardleibhéil agus sochpholaitiúla a bhaineann leo a thuiscint gan stró. • Réitigh chiallmhara ar cheisteanna casta a aithint. • Gníomh a dhéanamh, cinntí a ghlacadh go tráthúil agus an misneach a bheith agat na cinntí sin a thabhairt chun críche. • Cinntí fónta agus eolach a dhéanamh le tuiscint mhaith ar an tionchar agus na himpleachtaí a bheidh acu. • Féachann le cothromaíocht éifeachtach a bhaint amach idir na saincheisteanna earnála, na heilimintí polaitiúla agus an tionchar ar an saoránach i ngach cinneadh.
Bainistiú agus Torthaí a Bhaint Amach	• Tionscnaíonn agus glacann freagracht phearsanta as torthaí a bhaint amach / seirbhísí a chur ar fáil ina réimse féin. • Aimsíonn an chothromaíocht cheart idir straitéis agus sonraí oibriúcháin chun riachtanais an ghnó a chomhlíonadh. • Déanann bainistíocht ar chláir oibre agus taisc éagsúla agus athdháileann acmhainní chun athruithe tosaíochta a bhainistiú. • Baineann an leas is fearr as acmhainní agus cuireann i bhfeidhm bearta feidhmíochta chun cuspóirí a bhaint amach. • Déanann cinnte de go mbaintear an úsáid is fearr as an gcóras TFC agus as na múnlaí seachadta nua. • Athbhreithníonn tionscadail agus gníomhaíochtaí go criticiúil ar mhaithe lena n-éifeachtúlacht agus cinntíonn go gcomhlíonann siad riachtanais na Roinne. • Spreagann timpeallacht oibre ina dtuigtear an tábhacht a bhaineann le héifeachtúlacht, leis an luach ar airgead agus le riachtanais rialachais chorparáidigh a chomhlíonadh.

	• Cinntíonn go bhfuil an fhoireann dírithe ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sna pleananna gnó, agus go ngníomhaíonn sí chun tairbhe na bpleananna sin fiú agus í faoi bhrú.
Caidrimh agus Cumarsáid a Fhorbairt	• Labhraíonn agus scríobhann ar dhóigh atá soiléir, líofa agus a chuireann an teachtaireacht ina luí ar dhaoine. • Éisteann go gníomhach ar mhaithe le tuairimí agus seasamh daoine eile a thuiscint. • Bainistíonn agus réitíonn conspóidí / easaontais ar dhóigh atá dearfach agus fiúntach do gach taobh. • Feidhmíonn go héifeachtach laistigh den phróiseas polaitiúil, ag aithint agus ag bainistiú teannas a eascraíonn as tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla. • Ábalta a c(h)uid tuairimí a chur ina luí ar dhaoine eile; comhaontú agus dea-thoil dhaoine eile a ghnóthú chun eolas a fháil agus cuspóirí a bhaint amach. • Téann i dteagmháil go réamhghníomhach le comhghleacaithe ag gach leibhéal den eagraíocht agus sna Ranna eile agus cothaíonn gréasáin ghairmiúla láidre. • Cuireann a t(h)uairimí in iúl nuair a mhothaíonn sé/sí go bhfuil sé ceart é a dhéanamh.
Saineolas agus Féinfhorbairt	• Forbraíonn agus cothaíonn scileanna agus saineolas sna réimsí a bhaineann lena c(h)uid oibre féin, scileanna agus saineolas a bhfuil aitheantas tugtha dóibh lasmuigh den Roinn. • Coinníonn suas chun dáta leis na príomhbheartais roinne, earnála, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus leis na treochtaí eacnamaíocha, polaitiúla agus sóisialta a mbíonn tionchar acu ar an ról. • Díríonn isteach go láidir ar an bhfhéinfhorbairt, ag lorg aiseolais agus deiseanna forbartha.
A bheith Tiomanta do Luachanna na Seirbhíse Poiblí	• Déanann tréaniarracht i gcónaí bheith ag feidhmiú ag leibhéal ard. • Léiríonn tiomantas pearsanta, diongbháilteacht agus seasmhacht agus ag an am céanna a bheith staidéarach stuama i dtaca le cúrsaí oibre. • Fágann rian dearfach ar an gclár corparáideach. • Duine atá iontaofa, macánta, agus measúil agus a chuireann lena g(h)ealltanas. • Cinntíonn go bhfuil an saoránach i gcroílár na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil. • Duine atá acmhainneach, a bhíonn ar a s(h)uaimhneas beag beann ar dheacrachtaí agus ar dhúshláin. • Cothaíonn timpeallacht oibre a chuireann chun cinn na caighdeáin is airde ó thaobh iompar eiticiúil agus ionracais de.

Incháilitheacht Iomaíochta agus Srianta Áirithe ar Cháilitheacht

Ceanglais Saoránachta

Ní mór don iarrthóir incháilithe ar a laghad ceann de na ceanglais saoránachta seo a leanas a chomhlíonadh:

a) A bheith ina s(h)aoránach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Is iad Ballstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua páirtithe an LEE; nó

b) A bheith ina s(h)aoránach den Ríocht Aontaithe (RA); nó

c) A bheith ina s(h)aoránach den Eilvéis de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó

d) A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE a bhfuil víosa Stampa 4 aige nó aici: nó

e) Cosaint idirnáisiúnta a bheith aige nó aici faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta 2015, nó aon bhall teaghlaigh atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus a bhfuil víosa Stampa 4 aige nó aici: nó

f) A bheith ina s(h)aoránach neamh-LEE atá mar thuismitheoir ag leanbh cleithiúnach a bhfuil saoránacht bhallstát de chuid an LEE aige, agus atá ina chónaí i mballstát de chuid an LEE, nó a bhfuil saoránacht de chuid na RA nó na hEilvéise aige nó aici chomh maith le víosa Stampa 4.

Le go nglacfar lena n-iarratas. ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoi dháta aon tairiscint poist.

Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Fostaithe sa tSeirbhís Phoiblí

I litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 a seoladh chuig Oifigigh Phearsanra, tugadh isteach Comhaontú Comhchoiteann, le feidhm ón 1 Meitheamh 2012, a bhí aontaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag Coiste Seirbhísí Poiblí an ICTU maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia do Sheirbhísigh Phoiblí. Coinníoll de chuid an Chomhaontaithe Chomhchoitinn is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú incháilithe d'athfhostú sa tseirbhís phoiblí ag aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí (mar atá sainmhínithe sna Bearta Airgeadais Éigeandála sna hAchtanna ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 – 2011) ar feadh tréimhse dhá bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh sé de dhualgas ar dhaoine a bhain leas as an scéim seo agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht (an tréimhse neamh-incháilitheachta a bheith dulta in éag) a chruthú.

Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER):

Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER), mar atá leagtha amach i gCiorclán 12/09 na Roinne Airgeadais, nach bhfuil pinsinéirí, faoin Scéim sin, i dteideal iarratas a dhéanamh ar phost eile sa roinn chéanna nó san earnáil chéanna. Mar sin, ní fhéadfaidh pinsinéirí den sórt sin iarratas a dhéanamh ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010)

I gCiorclán na Roinne Sláinte 7/2010 dar dáta an 1 Samhain 2010, tugadh isteach Spriocscéim Luathscoir Dheonaigh (VER) agus Scéimeanna Iomarcaíochta Deonaí (VRS). Coinníoll a bhaineann leis an scéim VER is ea nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim incháilithe d'athfhostú in earnáil na sláinte poiblí ná sa tSeirbhís Phoiblí trí chéile ná i gcomhlacht atá maoinithe go hiomlán nó i bpáirt ag airgead poiblí. Tá feidhm ag an gcosc céanna ar athfhostaíocht faoin VRS, seachas gur ar feadh tréimhse 7 mbliana a mhaireann sé. Níl daoine a bhain leas as an scéim VER i dteideal a bheith san iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh sé de dhualgas ar dhaoine a bhain leas as an scéim VRS agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a n-incháilitheacht (an tréimhse neamh-incháilitheachta a bheith dulta in éag) a chruthú.

An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

I gCiorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, tugadh isteach Scéim Iomarcaíochta Deonaí d'Údaráis Áitiúla. De réir théarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dar dáta an 28 Meitheamh 2012, mar atá sonraithe thuas: is coinníoll sonrach é den Scéim VER sin nach mbeidh aon duine incháilithe lena athfhostú in aon chomhlacht Seirbhíse Poiblí [mar atá sainmhínithe sna Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail. 2009 – 2011 agus in Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh tréimhse 2 bhliain ónar tháinig deireadh lena bhfostaíocht faoin Scéim seo. Tá feidhm ag na coinníollacha seo freisin i gcás fostaíochta ar bhonn conartha seirbhíse (bíodh sé sin mar chonraitheoir nó mar fhostaí chonraitheora).

Dearbhú

Éilítear ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu ar bhain siad leas roimhe seo as scéim luathscoir dhreasaithe de chuid na Seirbhíse Poiblí, nó nár bhain. Éilítear ar iarratasóirí freisin a chur in iúl má tá aon teidlíocht acu ar shochar pinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht eile sa tSeirbhís Phoiblí agus/nó sa chás go bhfuil íocaíocht chúitimh faighte acu as seirbhís in aon fhostaíocht sa tSeirbhís Phoiblí.

Rogha Fostóra

Mar Rogha Fostóra tá go leor beartais sholúbtha agus beartas a thacaíonn le teaghlaigh ag an Státseirbhís, m.sh. Comhroinnt Oibre, Bliain Oibre níos Giorra, Cianobair (a fheidhmíonn ar bhonn cumaisc), srl. Is féidir iarratas a dhéanamh ar gach beartas roghnach de réir na bhforálacha reachtúla ábhartha agus tá na beartais seo faoi réir riachtanais ghnó na heagraíochta.

Chomh maith leis sin, tá scéim Soghluaisteachta ag an Státseirbhís do gach grád seirbhíse ginearálta. Soláthraíonn an scéim seo deiseanna gairme don fhoireann chun bheith ag foghlaim agus páirt a ghlacadh i róil éagsúla thar réimse eagraíochtaí Státseirbhíse ar fud na tíre.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse

Go ginearálta

Beidh an ceapachán faoi réir Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 go 2005, an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004, agus aon Acht eile atá i bhfeidhm faoi láthair a bhaineann leis an Státseirbhís.

Cuid 1 - Coinníollacha a bhaineann go háirithe leis an bpost seo

Pá

Pá (le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023)

Is é ráta tuarastail na Ranníocaíochta Pearsanta Pinsin (PPC) don phost ná:

€98,665 €102,852 €107,006 €111,191 €114,722 €118,384 (LSI1)

€122,041 (LSI2)

Tá feidhm ag an ráta pá PPC nuair a bhíonn sé de dhualgas ar fhostaithe Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht phríomhscéime chomh maith) de réir rialacha a bpríomhscéim aoisliúntais/a scéim aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht i leith ballraíochta i scéim do Chéilí agus Leanaí, nó i leith na Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC).

Cuirfear ráta difriúil i bhfeidhm sa chás nach bhfuil sé de dhualgas ar an té a cheapfar Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a íoc.

D'fhéadfadh breisíochtaí seirbhíse fada ag uasmhéid an scála a bheith iníoctha tar éis 3 (LSI1) agus 6 (LSI2) bliana de sheirbhís shásúil.

Ag brath ar cé chomh sásúil agus atá feidhmíocht an té a cheapfar, d'fhéadfadh sé go mbeadh breisíochtaí le híoc de réir bheartas reatha an Rialtais.

Nóta Tábhachtach

Tosóidh an té a cheapfar ag íosmhéid an scála pá agus ní bheidh an ráta seo faoi réir idirbheartaíochta. D'fhéadfaí an ráta a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

D'fhéadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist más fostaí reatha sa státseirbhís tú nó más fostaí sa tseirbhís phoiblí tú.

Aontóidh an té a cheapfar go n-aisíocfaidh sé nó sí aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Chiorclán 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntais agus Speansais a rinneadh le Baill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

Déanfar riaráistí a íoc go seachtainiúil trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) isteach sa chuntas bainc is rogha leis an té a cheapfar. Ní féidir an íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirfear uimhir chuntas bainc, cód sóirt bainc, IBAN (Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc) agus BIC (Cód Aitheantais Bainc) ar fáil d'Aonad Acmhainní Daonna na Roinne Iompair. Cuirfidh an Roinn asbhaintí reachtúla ón tuarastal i bhfeidhm mar is cuí.

Saoire Bhliantúil

Saoire bhliantúil 30 lá sa bhliain a bheidh i gceist sa phost seo. Is faoi réir na ngnáthchoinníollacha a bhaineann le saoire bhliantúil a thabhairt atá an liúntas seo, ar bhonn seachtain oibre cúig lá. Níl aon bhaint aige leis na gnáthsaoirí poiblí.

Uaireanta Oibre

Socrófar uaireanta oibre ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná, ar an meán, 41 uair 15 nóiméad san iomlán nó 35 glanuaireanta in aghaidh na seachtaine. Ní dhéanfar aon íocaíocht bhreise as uaireanta breise a dhéanamh (os cionn 41 uair 15 nóiméad comhlán nó 35 uair glan in aghaidh na seachtaine) mar go gclúdaíonn an ráta luach saothair iníoctha aon dliteanas oibre breise eisceachtúil a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go chéile.

Suíomh

Féadfaidh Ard-Rúnaí na Roinne Iompair an ceanncheathrú ina mbeidh tú ag obair a athainmniú ó am go chéile. Nuair a bheidh an té a cheapfar as láthair óna theach cónaithe agus ón gceanncheathrú agus é nó í ar dhualgas oifigiúil íocfar speansais taistil agus liúntais chothaithe chuí leis nó léi, de réir rialacháin na Státseirbhíse.

Cuid 2 - Na coinníollacha ginearálta a bhaineann leis an bpost seo

Promhadh

Is post buan é seo ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís.

Mairfidh an conradh promhaidh ar feadh bliain amháin ó dháta an cheapacháin.

Le linn thréimhse an chonartha phromhaidh, déanfaidh an maoirseoir/na maoirseoirí cuí feidhmíocht an oifigigh a athbhreithniú le cinntiú:

(i) Go bhfuil feidhmíocht an oifigigh sásúil, agus

(ii) Go bhfuil a c(h)uid iompair ghinearálta sásúil, agus

(iii) Go bhfuil sé nó sí oiriúnach ó thaobh na sláinte de, go háirithe maidir le saoire bhreoiteachta.

Sula gcríochnóidh an tréimhse phromhaidh déanfar cinneadh cibé an gcoimeádfar nó nach gcoimeádfar an té a cheapfar de bhun *Alt 5A (2) d'Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956-2005.* Beidh an cinneadh seo bunaithe ar fheidhmíocht an té a cheapfar arna measúnú de réir na gcritéar atá leagtha amach in (I) go (iii) thuas. Míneoidh an Roinn Iompair sonraí an phróisis phromhaidh don té a cheapfar. Chomh maith leis sin, cuirfear cóip de threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir leis an bpróiseas promhaidh ar fáil don té a cheapfar.

Más amhlaidh gur fostaí reatha sa tSeirbhís Phoiblí an té a cheapfar agus nach meastar go bhfuil sé nó sí oiriúnach don phost tar éis dhul faoin measúnú de réir na gcritéar, cuirfear é seo in iúl dó

nó di i scríbhinn roimh dhul in éag na tréimhse promhaidh nó roimh dheireadh aon síneadh ama a cuireadh léi.

In ainneoin an méid atá ráite thuas, féadfaidh aon cheann den dá pháirtí sa chonradh deireadh a chur leis an gconradh promhaidh ag aon am roimh dhul in éag théarma an chonartha de réir théarmaí an Achta um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Sna cúinsí seo a leanas féadfaidh síneadh ama a chur leis an gconradh agus an tréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Cuirtear an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtaíoch.
- Sa chás go mbíonn fostaí as láthair le linn dó nó di a bheith ar Shaoire do Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóirí, féadfaidh an fostóir a éileamh go gcuirfí an conradh promhaidh ar fionraí má mheastar nach bhfuil an asláithreacht seo ag teacht le leanúnachas na tréimhse promhaidh.
- Féadfaidh an conradh promhaidh a chur ar fionraí i gcásanna ina mbíonn asláithreacht ann de bharr breoiteacht neamh-athfhillteach, agus
- Aon fhoráil reachtúil eile a fhorálann go ndéanfar an conradh promhaidh -
  (i) a chur ar fionraí le linn asláithreacht fostaí ón obair, agus
  (ii) a chur i gcrích nuair a fhillfidh an fostaí ar an obair i ndiaidh asláithreacht den chineál sin.

I gcás ina gcuirtear promhadh ar fionraí ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí sin a chur in iúl don fhostaí.

Déanfaidh gach duine a cheapfar tréimhse phromhaidh bliana. Más amhlaidh go raibh post mar státseirbhíseach ag an té nach gcomhlíonann coinníollacha an phromhaidh díreach sular ceapadh é nó é sa chomórtas seo, déanfar an post a bhí aige roimhe seo a thabhairt ar ais dó nó di. Sa chás sin, tabharfar post dó nó di ag an ngrád céanna sa Roinn chéanna ina raibh sé nó sí ag obair roimhe seo.

Dualgais
Ceanglófar ar an té a cheapfar aon dualgas a shannfar dó nó di ó am go chéile, agus gur cuí dá g(h)rád, a chomhlíonadh.

Fostaíocht Lasmuigh den Eagraíocht
Is post lánaimseartha é seo, agus ní cheadófar don té a cheapfar dul i mbun cleachtas príobháideach ná baint a bheith aige nó aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach, nó a bheadh ar neamhréir, le comhlíonadh a c(h)uid dualgas oifigiúil. Ní mór soiléiriú maidir leis an ábhar seo a lorg ón mbainistíocht má bhíonn aon amhras ann faoi.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015
Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta seo mar gheall ar dhul in éag an chonartha phromhaidh seo amháin, sa chás nach ndéantar an conradh a athnuachan.

An tAcht um Eagrú Ama Oibre 1997
Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre 1997, nuair is cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

Saoire Bhreoiteachta
Íocfar tuarastal leis an bhfostaí ar bhonn pro-rata le linn asláithreacht bhreoiteachta dheimhnithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil aon fhianaise ann do mhíchumas buan, de réir fhorálacha na gciorclán saoire bhreoiteachta.

Éileofar ar an té a cheapfar, a bheidh ag íoc an ráta ÁSPC Aicme A, sainordú a shíniú a thugann údarás don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair dhlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach leis an Roinn Iompair. Ní mór don té a cheapfar an t-éileamh cuí ar shochair leasa shóisialta don bhreoiteacht a dhéanamh leis an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh den teorainn ama riachtanach.

Rúndacht Oifigiúil agus Ionracas
Beidh an té a cheapfar faoi réir fhorálacha an Achta um Rúin Oifigiúla, 1963, arna leasú leis an Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Aontóidh an té a cheapfar gan aon fhaisnéis rúnda, go háirithe faisnéis tráchtála, a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdaraithe, le linn nó tar éis a t(h)réimhse fostaithe, de réir fhorálacha an Achta.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse
Beidh an té a cheapfar faoi réir Chód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí
Beidh feidhm ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, nuair is cuí, maidir leis an bhfostaíocht seo.

Faomhadh Foilseachán roimh ré
Aontóidh an té a cheapfar gan ábhar a bhaineann lena d(h)ualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ó Cheann na Roinne nó ó oifigeach údaraithe cuí eile.

Gníomhaíocht Pholaitiúil
Le linn an téarma fostaíochta, beidh an té a cheapfar faoi réir na rialacha a rialaíonn Státseirbhísigh agus an pholaitíocht.

Cód Pearsanra
Is féidir tuilleadh eolais agus ciorcláin maidir leis na téarmaí agus coinníollacha seo a fháil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: gov.ie/circulars.

Scor agus Aoisliúntas
Tairgfear na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais (pinsin) cuí d'iarrthóirí rathúla mar a bhí i réim sa Státseirbhís ag an am a tairgeadh an post dóibh. Go ginearálta, tairgfear ceapachán do bhall foirne nua nár oibrigh riamh cheana sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallraíocht i Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ("Scéim Aonair"). Tá na sonraí iomlána maidir leis an Scéim seo ar fáil ag www.singlepensionscheme.gov.ie

Más amhlaidh gur oibrigh an té a cheapfar i bpost inphinsin (téarmaí neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtain roimh an gceapachán nó má tá sé/sí ar shos gairme nó ar shaoire speisialta le pá nó gan phá faoi láthair, féadfaidh téarmaí difriúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin an té a cheapfar ar chomhthéacs a stair fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht sa Scéim Aonair:

- Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Phinsean Stáit, 66 bliain faoi láthair.
- Aois Scoir: Tá sé de dhualgas ar chomhaltaí na scéime dul ar scor nuair a shlánóidh siad 70 bliain d'aois.
- Úsáidtear an meántuilleamh gairmréime chun na sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir an phraghasinnéacs tomhaltóirí - CPI).
- Tá na méaduithe pinsin iarscoir bunaithe ar CPI.

Laghdú Pinsin

Más amhlaidh go raibh an té a cheapfar fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus má tá pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí, nó más amhlaidh go dtosaíonn íocaíocht pinsin den chineál seo le linn dó nó di a bheith ag obair sa phost nua seo, déanfar an pinsean sin a íoc **faoi réir a laghdaithe** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair do d'aire: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo, admhaíonn tú go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha laghdaithe, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaithe le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapachán don phost seo.**

Mar sin féin, más amhlaidh go raibh an té a cheapfar fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus gur bronnadh pinsean air nó uirthi faoi shocruithe luathscoir deonaí (seachas an Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán LG(P) 06/2013 na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtas Áitiúil; rud a fhágann go bhfuil an duine neamh-incháilithe don chomórtas), tiocfaidh deireadh leis an teidlíocht don phinsean sin le héifeacht ó dháta a (h)athcheaptha. Féadfaidh socruithe speisialta a dhéanamh, áfach, maidir leis an tseirbhís a thug an duine roimhe sin a chur san áireamh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais a d'fhéadfadh an té a cheapfar a bheith i dteideal dó amach anseo.

Ciorclán 102/2007 ón Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí

Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Tá sé mar choinníoll den Scéim Luathscoir, seachas sna cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 de na ciorcláin ábhartha, agus i leith na n-eisceachtaí sin amháin, tá sé mar choinníoll má théann múinteoir ar luathscor faoi Shraitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo, agus má fhostaítear é nó í in aon cháil in aon réimse den earnáil phoiblí, go dtiocfaidh deireadh láithreach le híocaíocht a p(h)insin faoin scéim sin. Tosóidh na híocaíochtaí sin in athuair, áfach, má chuirtear deireadh leis an bhfostaíocht sin nó ar dháta breithlá 60 bliain an duine sin, cibé acu is déanaí. É sin ráite, nuair a thosóidh na híocaíochtaí arís, beidh an pinsean sin bunaithe ar an tseirbhís ináirithe a thug an duine sin mar mhúinteoir (.i., ní chuirfear na blianta sa bhreis a bronnadh roimhe sin san áireamh agus na híocaíochtaí pinsin á ríomh).

Scor de bharr Drochshláinte (IHR)

Tabhair faoi deara le do thoil go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo mar gheall ar dhrochshláinte faoi théarmaí scéim aoisliúntais, go gceanglaítear orthu a chur in iúl, ag an gcéim iarratais tosaigh, don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta, go bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin.

Éileofar ar iarratasóirí freastal ar oifig an phríomhoifigigh leighis (CMO) chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a chur ar fáil a mheas, ag cur san áireamh an choinníll a cháiligh iad le haghaidh Scor de bharr Drochshláinte.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas sa chomórtas, ba cheart go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

1. Má mheastar go bhfuil an t-iarrthóir i riocht seirbhís rialta agus éifeachtach a thabhairt agus má cheaptar chuig post é nó í, tagann deireadh ag an bpointe sin lena p(h)insean scoir de bharr drochshláinte.
2. Má theipeann ar an iarratasóir promhadh a chríochnú ina dhiaidh sin nó má chinneann sé nó sí an post a fhágáil, ní féidir filleadh ar an stádas IHR sa státseirbhís a bhí i fheidhm roimhe sin,

ná pinsean IHR na státseirbhíse a bhí ann roimh an iarratas a thabhairt ar ais, mar nach bhfuil teidlíocht don phinsean sin ann a thuilleadh.

3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) chomh luath agus a cheapfar é nó í más amhlaidh go raibh sos ina g(h)airm mar fhostaí inphinsin sa tseirbhís phoiblí/sa státseirbhís a mhair níos mó ná 26 seachtain.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

1. Sa chás ina ndeachaigh duine ar scor ó chomhlacht seirbhíse poiblí, d'fhéadfadh a p(h)insean ón bhfostaíocht sin a bheith faoi réir athbhreithnithe de réir na rialacha a bhaineann le scor de bharr drochshláinte faoin scéim sin.
2. Chomh luath is a cheaptar iarratasóir rathúil, beidh sé de dhualgas air nó uirthi a dhearbhú an bhfuil pinsean seirbhíse poiblí (pinsean drochshláinte nó eile) á fháil aige nó aici agus d'fhéadfadh a p(h)insean seirbhíse poiblí a bheith faoi réir laghdaithe dá bharr.
3. Beidh an t-iarratasóir ina b(h)all den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) chomh luath agus a cheapfar é nó í más amhlaidh go raibh sos ina g(h)airm mar fhostaí inphinsin sa tseirbhís phoiblí/sa státseirbhís a mhair níos mó ná 26 seachtain.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil eolas níos mionsonraithe maidir leis na himpleachtaí a bhíonn ann dóibh siúd a bhfuil pinsean drochshláinte mar fhostaí sa státseirbhís nó sa tseirbhís phoiblí acu ar fáil tríd an nasc seo nó ar iarratas.

Fabhrú Pinsin

Beidh feidhm ag teorainn 40 bliain ar fhad iomlán na seirbhíse is féidir a áireamh i dtreo pinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (.i. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon duine a cheapfar agus a bhfuil cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí aige nó aici roimhe seo.

Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Bhreise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Tabhair do d'aire:** Cuirtear asbhaintí ASC i bhfeidhm sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) atá ag teastáil faoi rialacha do scéime pinsin.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair le fáil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

NÓTA TÁBHACHTACH

Léiríonn an méid atá luaite thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé ceaptha a bheith mar liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a bheidh le comhaontú leis an iarrthóir rathúil.

Próiseas Iomaíochta

Ní ghlacann an Roinn Iompair le haon fhreagracht as cumarsáid nó comhfhreagras nach bhfuil faighte ag an iarratasóir.

Ba chóir d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar na dátaí atá leagtha síos ag an Roinn Iompair agus a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála atá sonraithe ina n-iarratas cruinn ceart.

Conas Iarratas a Dhéanamh

Tugtar cuireadh d'iarratasóirí doiciméad **AMHÁIN** a chur isteach i bhfoirm PDF, ina bhfuil:

- foirm Iarratais, atá ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/publication/c49b4-principal-officer-human-resources/nó trí theagmháil a dhéanamh le careers@transport.gov.ie;
- Curriculum Vitae (CV) – 3 leathanach ar a mhéad – ag díriú ar thaithí ábhartha; agus
- ráiteas pearsanta gairid.

Ba cheart iarratais chomhlánaithe a sheoladh isteach chuig careers@transport.gov.ie faoin teideal ábhair: **Tagairt - Comórtas: PO Acmhainní Daonna.**

Tabhair do d'aire: Bí cúramach agus d'iarratas á chomhlánú agat agus cinntigh go bhfuil na sonraí ábhartha ar fad ann. Ní ghlacfar ach le hiarratais a sheoltar isteach ar an dóigh atá leagtha amach thuas.

Dáta Deiridh

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná 11.00 am, Dé Máirt, an 31 Deireadh Fómhair 2023.

Cuirfear in iúl d'iarrthóirí go bhfuarthas a n-iarratas. Mura bhfaigheann tú admháil laistigh de 3 lá ón iarratas a dhéanamh, seol ríomhphost le do thoil chuig careers@transport.gov.ie.

Modhanna Roghnúcháin

Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith mar chuid den phróiseas roghnúcháin:

- gearrliosta a dhéanamh de na hiarrthóirí ar bhonn an eolais atá tugtha sna foirmeacha iarratais.
- réamhagallamh iomaíoch.
- cianagallaimh.
- ceistneoir(í) ar líne a chomhlánú.
- cur i láthair nó taisc eile.
- sampla oibre / rólghlacadh / cleachtadh sna meáin, agus aon tástáil nó cleachtadh eile a mheastar a bheith cuí.
- agallamh iomaíoch deiridh.

Gearrliostú

Is éard a bheidh i gceist leis an bpróiseas gearrliostaithe ná go ndéanfaidh painéal saineolaithe iarrthóirí a roghnú le haghaidh agallaimh, bunaithe ar scrúdú a rinneadh ar a bhfoirmeacha iarratais. Déanfar measúnú ar na hiarrthóirí sin de réir na riachtanas agus na dtréithe pearsanta is dealraitheach gurb iad is oiriúnaí don phost.

Painéal

Féadfaidh painéal a bhunú óna ndéanfar ceapacháin. Rachaidh an painéal seo in éag ar an 13 Deireadh Fómhair 2025 nó chomh luath agus a bheidh sé ídithe, cibé acu is túisce. Cuirfear toradh an chomórtais in iúl d'iarrthóirí chomh luath agus is féidir tar éis an phróisis agallaimh. Ní bheidh aon éileamh ar cheapachán ina dhiaidh sin ag iarrthóirí nach bhfuil ceaptha ag an am a rachaidh an painéal in éag, ainneoin go raibh siad ar an bpainéal.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála

D'fhéadfadh grinnfhiosrúchán ón nGarda Síochána/ó na Póilíní a bheith i gceist do dhaoine aonair atá a mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Beidh ar an iarratasóir foirm Ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais má bhíonn siad á mbreithniú le haghaidh ceapacháin. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána d'fhonn seiceálacha slándála a dhéanamh ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann a raibh cónaí ag an iarrthóir iontu. Beidh sé de dhualgas freisin ar an iarratasóir atá á b(h)reithniú le haghaidh ceapacháin imréiteach/nochtadh a sholáthar ón bhfórsa póilíneachta nó ó údarás coibhéiseach aon tír ina bhfuil cónaí air nó uirthi le níos mó ná 6 mhí. Mura n-éiríonn leis an iarrthóir sa chomórtas, déanfaidh an Roinn Iompair an t-eolas seo a scrios. Má thagann an t-iarratasóir faoi bhreithniú do phost eile ina dhiaidh sin, beidh orthu an fhaisnéis seo a sholáthar arís.

Is ortsa atá an fhreagracht imréitigh slándála a lorg go tráthúil. Bíodh a fhios agat go dtógann an próiseas seo roinnt mhaith ama go minic. Ní féidir a bheith ceaptha gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.

Eolas Tábhachtach Eile

Ní bheidh an Roinn Iompair freagrach as aon chostais a thabhóidh iarrthóirí a aisíoc.

Má ghlactar le hiarrthóir sa bhfeachtas earcaíochta, nó má thugtar cuireadh chun agallaimh dó nó di, ní hionann sin agus a rá go bhfuil an Roinn Iompair sásta go gcomhlíonann an duine sin riachtanais an chomórtais nó nach bhfuil an duine sin dícháilithe de réir dlí an post a bheith aige nó aici, agus níl aon chinnteacht ann go ndéanfar tuilleadh breithnithe ar d'iarratas. Tá sé tábhachtach, mar sin, a thabhairt faoi deara go bhfuil sé de dhualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh dhul faoi agallamh.

Mura gcomhlíonann tú na bunriachtanais seo, ach go bhfreastalaíonn tú mar sin féin ar agallamh, beidh tú ag cur costais neamhriachtanacha ort féin.

Sula ndéanfar aon iarrthóir a mholadh lena c(h)eapadh don phost seo, déanfaidh an Roinn Iompair gach fiosrúchán den sórt sin a thuigfear a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thuiscint go bhfuil cinneadh dá leithéid déanta.

Má dhiúltaíonn an té a moladh don cheapachán, nó má ghlactar leis an gceapachán ar dtús agus má scartar leis ina dhiaidh sin, nó má thagann folúntas breise chun cinn, féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Chomh luath agus a ghlacann iarrthóir le tairiscint ceapacháin nó má dhiúltaíonn sé nó sí dó, bainfear a (h)ainm den phainéal agus ní dhéanfar aon tairiscint cheapacháin eile dó nó di.

Nósanna Imeachta Athbhreithnithe i dtaca leis an bPróiseas Roghnúcháin

Pléitear le hiarratais ar athbhreithniú de réir na gcód cleachtais a d'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Is féidir teacht ar na Cóid seo ag www.cpsa.ie

Aiseolas don Iarrthóir

Cuirfear aiseolas ar fáil don iarrthóir ar iarraidh i scríbhinn.

Na cásanna ina meastar go bhfuil an t-iarratas tarraingthe siar

Ní thabharfar deis bhreithnithe eile d'aon iarrthóir nach bhfreastalaíonn ar agallamh nó ar thástálacha san áit agus ag an am a éilíonn an Roinn Iompair é sin, nó nach gcuireann ar fáil, nuair

a iarrtar sin, cibé fianaise a éilíonn an Roinn Iompair maidir le haon ábhar a bhaineann lena n-iarratas.

Rúndacht

Tabhair faoi deara le do thoil go ndéileálfar le sonraí pearsanta faoi rún de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 agus forálacha Rialachán Ginearálta an AE um Chosaint Sonraí.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar aon duine a dhéanann stocaireacht.